2026/2615

24.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2615 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais Eorpaigh i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta ('an Straitéis'), ina sainaithnítear iltaobhachas éifeachtach agus uiliú agus cur chun feidhme na norm dí-armála agus neamhleata atá ann cheana mar phríomhghnéithe de chur chuige an Aontais. Iarrtar sa Straitéis, *inter alia*, go dtiocfadh an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) i bhfeidhm go luath agus go ndéanfaí é a uiliú agus go neartófaí sásraí fíorúcháin idirnáisiúnta. Tá an Straitéis á cur chun feidhme go gníomhach ag an Aontas, lena n-áirítear trí acmhainní airgeadais a sholáthar chun tacú le tionscadail arna seoladh ag institiúidí iltaobhacha, amhail Coimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO).

(2) An 21 Iúil 2003, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2003/567/CBES ón gComhairle ([1]), lena bhforáiltear, faoi chuimsiú na tacaíochta do theacht i bhfeidhm luath CTBT, go bhfuil an tAontas Eorpach le na Stáit uile nach ndearna amhlaidh go fóill a spreagadh CTBT a shíniú agus a dhaingniú gan mhoill.

(3) An 17 Samhain 2003, ghlac an Chomhairle Comhsheasamh 2003/805/CBES ([2]) maidir le huiliú agus neartú comhaontuithe iltaobhacha i dtaca le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta. Iarrtar sa Chomhsheasamh sin, *inter alia*, go gcuirfí chun cinn teacht i bhfeidhm luath CTBT.

(4) Tá cinneadh déanta ag na Stáit is Sínitheoirí CTBT Coimisiún Ullmhúcháin a bhunú, dá dtabharfar inniúlacht dhlítheanach agus a bheidh ina eagraíocht idirnáisiúnta, chun cur chun feidhme éifeachtach CTBT a chur i gcrích, go dtí go mbunófar CTBTO.

(5) Is cuspóirí tábhachtacha de chuid na Straitéise iad teacht i bhfeidhm luath agus uiliú CTBT agus córas faireacháin agus fíoraithe Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO a neartú. Thacaigh an tAontas go comhsheasmhach leis na cuspóirí sin, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí airgeadais le gníomhaíochtaí an Choimisiúin Ullmhúcháin.

(6) In *Securing our Common Future: an Agenda for Disarmament*, luaigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, go gcuireann CTBT moill ar rás na n-arm trí shrian a chur le forbairt ardchineálacha arm núicléach agus go bhfuil sé ina bhac normatach cumhachtach ar Stáit a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh airm núicléacha a fhorbairt, a mhonarú agus a fháil ina dhiaidh sin de shárú ar a ngealltanais maidir le neamhleathadh. Léirítear na cuspóirí sin a thuilleadh in *Pact for the Future* na Náisiún Aontaithe, go háirithe Gníomhaíocht 25 dar teideal '*Domhan saor ó airm núicléacha - cuirfimid an sprioc sin chun cinn*', lena n-athdhearbhaítear an sprioc maidir le domhan saor ó airm núicléacha a bheith ann agus lena n-iarrtar go neartófaí an t-ollstruchtúr dí-armála agus neamhleata, go gcoiscfí aon chreimeadh ar na norim idirnáisiúnta atá ann cheana agus go gcuirfí bearta chun feidhme chun rás arm a sheachaint agus cogadh núicléach a chosc. Is ionstraim fhíor-riachtanach é CTBT chun na cuspóirí sin a chur chun cinn.

([1]) Cinneadh 2003/567/CBES ón gComhairle an 21 Iúil 2003 lena gcuirtear chun feidhme Comhsheasamh 1999/533/CBES a bhaineann le rannchuidiú an Aontais Eorpaigh le teacht i bhfeidhm luath an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) a chur chun cinn (IO L 192, 31.7.2003, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/567/oj).

([2]) Comhsheasamh 2003/805/CBES ón gComhairle an 17 Samhain 2003 maidir le huiliú agus neartú comhaontuithe iltaobhacha i dtaca le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta (IO L 302, 20.11.2003, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2003/805/oj).

(7) I gCompás Straitéiseach 2022 um Shlándáil agus Cosaint, déantar tagairt don bhagairt leanúnach a bhaineann le leathadh na n-arm ollscriosta agus a modhanna seachadta, do na harmlanna núicléacha atá ag méadú, d'fhorbairt córas nua arm mar aon le bagairtí núicléacha arna ndéanamh ag roinnt tíortha, agus cuirtear in iúl cuspóir an Aontais gníomhaíochtaí nithiúla a threisiú mar thaca le spriocanna na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm.

(8) In Rún 80/70 uaidh an 1 Nollaig 2025 maidir le CTBT, d'athdhearbhaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe tábhacht CTBT agus thathantaigh sé ar na Stáit uile nach ndearna amhlaidh go fóill CTBT a shíniú agus a dhaingniú a luaithe is féidir, go háirithe na naoi Stát a bhfuil gá lena ndaingniú chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Leagadh béim sa rún freisin ar a thábhachtaí atá sé móiminteam a choinneáil chun gach gné den chóras fíorúcháin a thabhairt chun críche agus pleananna agus acmhainní leordhóthanacha a chur i bhfeidhm ar mhaithe lena inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

(9) Faoi chuimsiú chur chun feidhme na Straitéise, ghlac an Chomhairle trí Ghníomhaíocht Chomhpháirteacha agus sé Chinneadh maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO, is iad sin Gníomhaíochtaí Chomhpháirteacha 2006/243/CBES ([3]), 2007/468/CBES ([4]) agus 2008/588/CBES ([5]),agus Cinntí 2010/461/CBES ([6]), 2012/699/CBES ([7]), (CBES) 2015/1837 ([8]), (CBES) 2018/298 ([9]), (CBES) 2020/901 ([10]) agus (CBES) 2023/2064 ([11]). Ba cheart, dá bhrí sin, leanúint de thacaíocht sheanbhunaithe an Aontais.

(10) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil an Chinnidh seo a chur ar iontaoibh Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO arb é an t-aon eagraíocht idirnáisiúnta é a bhfuil sé de chumas agus de dhlisteanacht aige an Cinneadh seo a chur chun feidhme, ar bhonn a chuid saineolais agus a chuid cumas uathúil trí líonra an Chórais Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS), lena gcuimsítear níos mó ná 337 saoráid ar fud an domhain, agus tríd an Lárionad Sonraí Idirnáisiúnta (IDC). Ní féidir an ghníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a mhaoiniú ach amháin trí ranníocaíocht sheachbhuiséadach le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO,

([3]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/243/CBES ón gComhairle an 20 Márta 2006 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) i réimse na hoiliúna agus an fhothaithe acmhainneachta maidir le fíorú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 88, 25.3.2006, lch. 68 ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2006/243/oj).

([4]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2007/468/CBES ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 176, 6.7.2007, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2007/468/oj).

([5]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/588/CBES ón gComhairle an 15 Iúil 2008 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 189, 17.7.2008, lch. 28 ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/588/oj).

([6]) Cinneadh 2010/461/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 219, 20.8.2010, lch. 7 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/461/oj).

([7]) Cinneadh 2012/699/CBES ón gComhairle an 13 Samhain 2012 maidir le tacaíocht ón Aontas a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 314, 14.11.2012, lch. 27 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/699/oj).

([8]) Cinneadh 2015/1837 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tacaíocht ón Aontas a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 266, 13.10.2015, lch. 83 ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1837/oj).

([9]) Cinneadh (CBES) 2018/298 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 maidir le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/298/oj).

([10]) Cinneadh (CBES) 2020/901 ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumas faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta (IO L 207, 30.6.2020, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/901/oj).

([11]) Cinneadh (CBES) 2023/2064 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) chun a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú (IO L 238, 27.9.2023, lch. 122, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2064/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn an Straitéis, Straitéis Dhomhanda an Aontais maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO trí ghníomhaíocht oibríochtúil.

2. Is é a bheidh i gcuspóirí na gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1:

(a) cumais chóras faireacháin agus fíoraithe CTBT a neartú;

(b) cumais na Stát is Sínitheoirí CTBT a neartú chun a bhfreagrachtaí maidir le fíorú faoi CTBT a chomhlíonadh agus chun cur ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i gcóras CTBT.

Trí na hiarrachtaí sin, tacóidh an ghníomhaíocht freisin le huiliú agus le teacht i bhfeidhm CTBT.

3. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an ngníomhaíocht san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is é Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i gcrích.

3. Déanfaidh Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, rachaidh an tArdionadaí i mbun na socruithe is gá le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO.

Airteagal 3

1. Is é EUR 5 199 996,70 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta arna maoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar dhea-bhainistiú an chaiteachais a mhaoineofar leis an méid dá dtagraítear i mír 1. Chun na críche sin, tabharfaidh sé i gcrích comhaontú ranníocaíochta le Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO. Leagfar síos sa chomhaontú ranníocaíochta go n-áiritheoidh Coimisiún Ullmhúcháin CTBTO infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, i gcomhréir lena méid.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta ó Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle.

2. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais chur chun feidhme na gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3). Rachaidh sé in éag 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm, áfach, mura dtabharfar comhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

TACAÍOCHT DO GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CHOIMISIÚN ULLMHÚCHÁIN EAGRAÍOCHT AN CHONARTHA UM CHOSC CUIMSITHEACH AR THRIALACHA NÚICLÉACHA (CTBTO)

Cúlra

Cuireann an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) cosc ar gach pléascadh tástála núicléiche. 30 bliain tar éis é a oscailt lena shíniú, tá sé fós ina bhunchloch den ollstruchtúr idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh, rud a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta. Feidhmíonn sé mar bheart slándála agus cothaithe muiníne trí shrian a chur le forbairt arm núicléach nua agus trí armlanna núicléacha atá ann cheana a fheabhsú.

Tacaíonn córas fíorúcháin úrscothach leis an gConradh. Soláthraíonn an Córas Faireacháin Idirnáisiúnta (IMS), in éineacht leis an Lárionad Idirnáisiúnta Sonraí (IDC), sreabhadh leanúnach sonraí fíor-ama chun gur féidir teagmhais a bhrath agus a mheasúnú a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar phléascadh tástála núicléiche. Tá 337 saoráid ar fud an domhain in IMS, agus déanann IDC na sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú agus an t-eolas a thagann as sin a dháileadh ar Stáit is Sínitheoirí. Mar ullmhúchán do theacht i bhfeidhm an Chonartha, tá Coimisiún Ullmhúcháin d'Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (dá ngairtear 'an Coimisiún Ullmhúcháin' anseo feasta) ag forbairt a chumais Cigireachta ar an Láthair (OSI) freisin, agus ag an am céanna tá sé ag leanúint de na hiarrachtaí chun é a uiliú.

Tá sé fíor-riachtanach i gcónaí córas fíorúcháin CTBT a choinneáil ar bun agus a neartú a thuilleadh. De réir mar a thagann athrú ar dhálaí teicneolaíocha, eolaíocha agus geopholaitiúla, tá infheistíocht mharthanach agus comhar idirnáisiúnta bunriachtanach chun éifeachtacht, inchreidteacht agus ullmhacht oibríochtúil an chórais fíorúcháin a chaomhnú, agus chun a inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú.

Cuspóir foriomlán

Is é cuspóir foriomlán an tionscadail rannchuidiú leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, le cothú muiníne, agus le neartú an ollstruchtúir dhomhanda maidir le neamhleathadh arm núicléach trí thacaíocht a thabhairt do CTBT, i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach 'an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc, agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú'.

Cuspóirí sonracha

Déanfaidh an tionscadal an méid seo a leanas:

1. córas faireacháin agus fíoraithe idirnáisiúnta CTBTO a neartú;

2. cumais na Stát is Sínitheoirí le CTBT a neartú chun a bhfreagrachtaí maidir le fíorú faoi CTBT a chomhlíonadh agus chun cur ar a gcumas tairbhe iomlán a bhaint as a rannpháirtíocht i gcóras CTBT;

Trí na hiarrachtaí sin, tacóidh an tionscadal freisin le huiliú agus teacht i bhfeidhm CTBT.

An cur chuige

Cuirfear an tionscadal chun feidhme trí chur chuige comhordaithe dhá cholún lena neartófar bunchlocha teicniúla chóras fíorúcháin CTBT agus acmhainneachtaí na Stát is Sínitheoirí a bheith rannpháirteach go héifeachtach ann.

Dírítear sa chéad cholún ar an mbonneagar teicneolaíoch agus eolaíoch atá mar bhonn agus mar thaca chóras faireacháin idirnáisiúnta CTBTO, anailís sonraí, agus ullmhacht cigireachta ar an láthair a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn. Áirítear leis sin stáisiúin sheismeacha chúnta (AS) a chothú, feabhsuithe ar shamhaltú iompair atmaisféaraigh (ATM), agus uirlisí cigireachta ar an láthair a fhorbairt a thuilleadh - lena n-áiritheofar iontaofacht, athléimneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach an chórais fíorúcháin.

Dírítear sa dara colún ar fhothú acmhainneachta a neartú, rud a chuirfidh ar chumas na Stát is Sínitheoirí - go háirithe tíortha i mbéal forbartha - rannchuidiú go gníomhach le córas fíorúcháin CTBT agus le hobair na hEagraíochta agus tairbhe ghníomhach a bhaint astu. Cuireann sé rannpháirtíocht chuimsitheach chun cinn freisin trí thionscnaimh spriocdhírithe do mhná agus don óige.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Déantar 6 stáisiún AS ar a laghad a chothabháil nó a dheisiú. Feabhsaítear infhaighteacht sonraí fíordheimhnithe (DA) mar a léirítear i bhfeidhmíocht laghdaithe aga neamhfhónaimh agus chobhsaí stáisiún arna gcothabháil nó arna ndeisiú.

— Tá nuachóiriú déanta ar bhogearraí an Lárionaid Fhíorúil um Shaothrú Sonraí (vDEC). Áirítear leis sin comhéadan gréasáin vDEC tiomnaithe, rochtain ar shonraí tonnchrutha a chomhlíonann FDSN, slándáil fheabhsaithe d'úsáideoirí le ceadanna saincheaptha, comhtháthú simplithe API, seirbhísí saincheaptha iarratais ar shonraí, agus bonneagar freastalaí uasghrádaithe le bainistiú sonraí nuashonraithe agus barrfheabhsaithe.

— Bunaítear cumraíocht samhaltaithe oibríochtúil éifeachtach iontaofa le haghaidh ATM. I measc na bpríomh-aschur tá tagarmharcáil agus moltaí oibríochtúla nuashonraithe, treoraíocht maidir le bonneagar ríomhaireachtúil, creat tagartha pobail, agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara agus aistrithe eolais.

— Forbraítear fréamhshamhail an Mheasúnaithe Téarma Fhoinsigh agus na mBogearraí Réasúnaithe (STARS). Áirítear ar na haschuir leabharlann cásanna tagarmhairc, pacáiste doiciméadachta teicniúla agus clár oiliúna.

— Feabhsaítear cumais próiseála imeachtaí seismeacha trí fheidhmeanna nua bhogearraí NET-VISA, rud a fheabhsaíonn scaoileadh tráthúil feasachán laethúil (REB) agus a neartaíonn éifeachtacht faireacháin.

— Feabhsaítear cumais phróiseála teagmhas hidreafhuaimiúil trí fheidhmeanna nua atá bunaithe ar PMCC laistigh de NDC-i-mBosca, rud a fheabhsaíonn cumas na Lárionad Náisiúnta Sonraí (NDC) táirgí hidreafhuaimiúla IDC a atáirgeadh.

— Déantar trí chóras faireacháin radaixeanóin iniompartha sa tSeapáin a oibriú agus a choinneáil ar bun, rud a fheabhsaíonn an tuiscint ar inathraitheacht chúlra radaixeanóin agus a thacaíonn le fíorú CTBT.

— Forbraítear dhá mhodúl nua de Shaotharlann Allamuigh OSI ina bhfuil comhpháirt radanúiclíde na saotharlainne. Áirítear ar na haschuir nósanna imeachta agus cumraíochtaí oibríochtúla caighdeánaithe arna bhforbairt le haghaidh comhpháirteanna radanúiclíde agus triathgháis araon de Shaotharlann Allamuigh OSI.

— Eagraítear trí chúrsa oiliúna/cheardlanna réigiúnacha, agus dhá chúrsa oiliúna SeisComp chun acmhainneachtaí fhoireann NDC a neartú, agus béim ar leith á leagan ar rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn.

— Déantar suas le 12 Chóras Fothaithe Acmhainneachta (CBS) a shuiteáil agus a chothabháil chun sonraí seismeacha, hidreafhuaimiúla agus infreafhuaime (SHI) agus radanúiclídí a fháil, a phróiseáil agus a anailísiú.

— Cuirtear Réamhchúrsa Réigiúnach Cigireachta ar an Láthair amháin (RIC-27) ar fáil i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, lena gcuirtear oiliúint ar fáil do shaineolaithe teicniúla ó Stáit is Sínitheoirí.

— Rannpháirtíocht 13 shaineolaí theicniúla ar a laghad ó Stáit is Sínitheoirí atá i mbéal forbartha i ngach ceann de sheisiúin dhébhliantúla na Meithle um Fhíorúchán in 2027 agus 2028.

— Neartaítear Grúpa na gCeannairí Óga CTBT mar ardán le haghaidh rannpháirtíochta agus for-rochtana i measc gairmithe óga agus mac léinn. Cuirtear oiliúint ar níos mó ná 50 duine óg trí thionscnaimh spriocdhírithe fothaithe acmhainneachta agus trí dheiseanna líonraithe, agus bunaítear comhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí eile.

— Tacaítear le 40 bean luathghairme ar a laghad trí dhá thimthriall den Chlár Meantóireachta ó 2027 go 2029, ag baint tairbhe as meantóireacht duine le duine, gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla, deiseanna líonraithe, agus rannpháirtíocht le saineolaithe agus comhpháirtithe CTBTO.

— Tugann CTBTO faoi shraith gníomhaíochtaí maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan ar bhonn bliantúil.

Fad ama

Meastar go mairfidh an ghníomhaíocht 36 mhí ar an iomlán.

An Chéad Cholún: An bonneagar teicneolaíoch agus eolaíoch a neartú

Is é is aidhm don chéad cholún bunchlocha teicneolaíocha agus eolaíocha Chóras Faireacháin Idirnáisiúnta CTBTO, cumais anailíse sonraí agus ullmhacht na cigireachta ar an láthair a chomhdhlúthú agus a fheabhsú.

Stáisiúin Sheismeacha Chúnta Dheimhnithe IMS a Chothabháil

Cúlra

Tugann an tionscadal aghaidh ar an dúshlán leanúnach a bhaineann le feidhmíocht oibríochtúil 120 stáisiún Seismeach Cúnta an Chórais Faireacháin Idirnáisiúnta a chothú, ar cuid thábhachtach iad de chóras fíorúcháin CTBT. Cé gur ar na tíortha óstacha atá an fhreagracht as oibriú agus cothabháil an stáisiúin, d'fhéadfadh acmhainní náisiúnta teoranta a bheith ina gcúis le díghrádú de réir a chéile ar fheidhmíocht agus ar iontaofacht an stáisiúin le himeacht ama.

Díreofar na gníomhaíochtaí ar chothabháil spriocdhírithe agus ar fhabhtcheartú ag stáisiúin tearcfheidhmíochta, agus tosaíocht á tabhairt do stáisiúin atá lonnaithe i dtíortha a bhfuil srianta airgeadais orthu (faighteoirí ODA ECFE go príomha). I gcás ina bhfuil údar cuí leis, cuirfear bearta cothabhála coiscthí chun feidhme freisin chun athléimneacht a fheabhsú agus chun an riosca go mbeidh éaradh seirbhíse ann amach anseo a laghdú. Féadfar a áireamh ar na hidirghabhálacha trealamh atá imithe i léig nó trealamh a bhfuil a ré caite a athsholáthar agus feabhsuithe ar an soláthar cumhachta, ar chórais talmhaithe, agus ar bhonneagar tacaíochta.

Trí chuairteanna ar stáisiúin agus trí mhisin tacaíochta teicniúla ar an láthair, gheobhaidh oibreoirí treoir phraiticiúil agus oiliúint phraiticiúil chun a n-acmhainneacht stáisiúin a oibriú, a chothabháil agus fabhtcheartú a dhéanamh orthu go neamhspleách a neartú. Comhlánaíonn na hiarrachtaí sin gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta níos leithne, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna teicniúla d'oibreoirí stáisiúin a dhéantar ag Lárionad Idirnáisiúnta Vín.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Feidhmíocht agus iontaofacht fheabhsaithe stáisiún cúnta spriocdhírithe IMS trí chothabháil agus uasghráduithe trealaimh.

— Acmhainneacht fheabhsaithe na n-oibreoirí stáisiúin, na stáisiúin chúnta a oibriú, a chothabháil agus fabhtcheartú a dhéanamh orthu.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Cothabháil, athsholáthar trealaimh, agus feabhsuithe bonneagair curtha chun feidhme ag 6 stáisiún chúnta IMS ar a laghad.

— Infhaighteacht fheabhsaithe sonraí fíordheimhnithe (DA).

Próiseáil stáisiúin hidreafhuaimiúil trí úsáid a bhaint as DTK-PMCC

Cúlra

Leis an obair atá beartaithe, tugtar aghaidh ar theorainn atá ann faoi láthair ar chumas na Lárionad Náisiúnta Sonraí (NDCanna) gnéithe agus imeachtaí hidreafhuaimiúla IDC a atáirgeadh. Déantar sonraí hidreafhuaimiúla a phróiseáil ag an IDC trí úsáid a bhaint as Asbhaint Braite agus Gnéithe (DFx), Próiseáil Stáisiúin (StaPro), agus algartaim Hidrea-Asamait agus Meastóra Ísealdéine (HASE), a ghineann brath hidreafhuaimiúil, gnéithe hidreafhuaimiúla, agus paraiméadair fhoinseacha. Cé go dtacaíonn NDC-i-mBosca le próiseáil sonraí hidreafhuaimiúla, ní áirítear leis faoi láthair feidhmiúlacht FSS, rud a chuireann teorainn le hatáirgeadh táirgí IDC.

Ag tógáil ar obair forbartha a rinneadh roimhe seo, déanfaidh an tionscadal algartam an Chomhghaoil Fhorásaigh Ilchrann (PMCC) le haghaidh feidhmeanna hidreafhuaimiúla a oiriúnú agus a bhailíochtú a thuilleadh. Tá PMCC ar fáil cheana féin in NDC-i-mBosca agus tá sé léirithe aige go bhfuil sé in ann torthaí DFx agus STAPRO IDC a atáirgeadh, le torthaí a bhfuil gealladh fúthu maidir le heastóscadh gnéithe hidreafhuaimiúla agus aschuir HASE. Cuirfidh an tionscadal an cumas sin i gcrích, rud a chuirfidh ar chumas NDCanna gnéithe agus imeachtaí hidreafhuaimiúla a ghiniúint atá comhsheasmhach le próiseáil IDC agus cumais anailíse hidreafhuaimiúla a neartú ar fud chóras fíorúcháin CTBT.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Cumas feabhsaithe na NDCanna uile gnéithe agus imeachtaí hidreafhuaimiúla IDC a atáirgeadh trí úsáid a bhaint as PMCC laistigh de NDC-i-mBosca, feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le táirgí IDC agus cumais anailíse hidreafhuaimiúla a neartú ar fud chóras fíorúcháin CTBT.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Modheolaíocht bhailíochtaithe bunaithe ar PMCC chun torthaí próiseála hidreafhuaimiúla IDC a atáirgeadh.

— Meastóireacht ar fheidhmíocht (G)PMCC maidir le haicmiú céim hidreafhuaimiúil, eastóscadh gnéithe, agus giniúint imeachtaí.

— Atáirgeadh StaPro agus HASE.

— Cumais phróiseála hidreafhuaimiúla PMCC a chur chun feidhme i gcórais IDC agus NDC-i mBosca.

— Bogearraí uasghrádaithe (G)PMCC atá in ann gnéithe agus imeachtaí hidreafhuaimiúla IDC a atáirgeadh.

— Doiciméadacht úsáideora agus treoir phraiticiúil maidir le próiseáil sonraí hidreafhuaimiúla trí úsáid a bhaint as (G) PMCC.

Lárionad Fíorúil um Shaothrú Sonraí CTBTO (vDEC) a nuachóiriú

Cúlra

Cuireann Lárionad Fíorúil um Shaothrú Sonraí CTBTO (vDEC) rochtain ar fáil do thaighdeoirí agus d'institiúidí eolaíocha ar shonraí IMS agus IDC le haghaidh feidhmeanna sibhialta agus eolaíocha. Ó bunaíodh é in 2011 le tacaíocht ón Aontas, chumasaigh vDEC níos mó ná 230 tionscadal taighde ar fud an domhain, rud a chuir le foilseacháin eolaíocha, le cur i láthair comhdhálacha, agus le dul chun cinn i modheolaíochtaí faireacháin.

Braitheann an t-ardán atá ann faoi láthair ar bhonneagar agus ar phróisis tacaíochta atá as dáta. Tá cumais féinseirbhíse theoranta ag úsáideoirí chun rochtain a fháil ar shonraí agus chun nascleanúint a dhéanamh ar bhunachar sonraí IDC, rud a fhágann go bhfuil éilimh shuntasacha ar chúnamh teicniúil. Ina theannta sin, éilíonn roinnt iarrataí ar shonraí, go háirithe i gcás sonraí radanúiclídí, próiseáil de láimh agus seachadadh ón gCoimisiún Ullmhúcháin, rud a laghdaíonn éifeachtúlacht oibríochtúil.

Leis an tionscadal, déanfar vDEC a nuachóiriú trí bhonneagar uasghrádaithe, trí sheirbhísí Chónaidhm na Líonraí Seismeagraif Digiteacha (FDSN) a chur chun feidhme le haghaidh rochtain ar shonraí tonnchrutha, trí bhainistiú agus slándáil fheabhsaithe úsáideoirí, agus trí ardán nua gréasánbhunaithe chun iarrataí ar shonraí a chur isteach agus a bhainistiú. Leis na feabhsuithe sin, déanfar seachadadh sonraí a chuíchóiriú, laghdófar an t-ualach oibre riaracháin, agus tabharfar rochtain níos éifeachtúla agus níos sláine d'úsáideoirí ar acmhainní sonraí CTBTO.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora.

— Feabhas a chur ar shlándáil agus ar bhainistiú úsáideoirí.

— Éifeachtúlacht oibríochtúil mhéadaithe trí phróisis chuíchóirithe maidir le sonraí a iarraidh agus a sheachadadh.

— Rannchuidiú le taighde eolaíoch agus nuálaíocht.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Comhéadan úsáideora nua.

— FDSN le haghaidh sonraí tonnchrutha.

— Próifílí úsáideora nua atá níos sláine.

— Seirbhís shaincheaptha a sholáthraíonn sonraí ó fhreastalaí vDEC don úsáideoir.

— Freastalaí athchóirithe.

— Lámhleabhar nuashonraithe.

BEST-ATM – Tagarmharcáil agus Meastóireacht le haghaidh Samhaltú Straitéiseach ATM

Cúlra

Le Samhaltú Iompair Atmaisféaraigh (ATM) ionsamhlaítear iompar agus scaipeadh gás agus cáithníní san atmaisféar agus is comhpháirt chriticiúil d'fhaireachán radanúiclídí é. Tacaíonn sé le fíorú conartha, measúnú staide, agus bearta cothaithe muiníne trí chomhchruinnithe radanúiclídí breathnaithe a shannadh do réigiúin fhoinseacha ionchasacha. Tá tacaíocht iontaofa curtha ar fáil ag an gcreat samhaltaithe oibriúcháin atá ann faoi láthair le blianta fada anuas; mar sin féin, mar gheall ar dhul chun cinn i dteicnící samhaltaithe, Asamhlú Sonraí DA), cumais ríomhaireachtúla, agus ceanglais anailíseacha, is gá athmheasúnú córasach a dhéanamh ar chuir chuige oibríochtúla.

Leis an obair atá beartaithe, déanfar cumraíochtaí oibríochtúla ATM a thagarmharcáil agus a mheas chun na cineálacha cur chuige is éifeachtaí maidir le faireachán a dhéanamh ar radanúiclídí a shainaithint. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht leanúnach na modheolaíochtaí atá ann faoi láthair, deiseanna feabhais a shainaithint, agus meastóireacht a dhéanamh ar straitéisí samhaltaithe comhlántacha chun stóinseacht agus muinín i dtorthaí oibríochtúla a fheabhsú. Soláthrófar leis an obair freisin bunús fianaisebhunaithe le haghaidh pleanáil bonneagair ríomhaireachtúil amach anseo trí mheasúnú a dhéanamh ar an ngaol idir feidhmíocht samhaltaithe, ceanglais oibríochtúla, agus riachtanais acmhainní.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Fondúireachtaí treisithe eolaíocha agus oibríochtúla den fhaireachán ar radanúiclídí.

— Muinín neartaithe i dtorthaí samhaltaithe oibriúcháin.

— Athléimneacht mhéadaithe agus ullmhacht an chórais faireacháin amach anseo.

— Bunús feabhsaithe don chinnteoireacht straitéiseach agus don phleanáil bonneagair.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Tagarmharcáil oibríochtúil agus tuarascáil mheasúnaithe.

— Pacáiste molta maidir le samhaltú oibríochtúil amach anseo.

— Ceanglais ríomhaireachtúla agus treoir maidir le bonneagar.

— Creat tagartha Comhphobail agus doiciméadacht.

— Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus gníomhaíochtaí aistrithe eolais.

Creat Éiginnteachta Comhtháite do Tháirgí IDC atá bunaithe ar ATM den Chéad Ghlúin Eile (IUF-ATM)

Cúlra

Úsáidtear ATM in éineacht le tomhais radanúiclídí chun réigiúin fhoinseacha fhéideartha radanúiclídí braite a shainaithint, rud a sholáthraíonn uirlis thábhachtach le haghaidh fíorú CTBT. Mar sin féin, tá tomhais agus torthaí samhaltaithe araon faoi réir éiginnteachtaí, rud a fhágann go bhfuil cainníochtú éiginnteachta bunriachtanach le haghaidh anailís eolasach agus cinnteoireacht eolasach.

Le tacaíocht ón Aontas, d'fhorbair CTBTO creat *ensemble* chun éiginnteachtaí a bhaineann le dálaí meitéareolaíochta agus samhaltú ATM a chainníochtú. Ag tógáil ar an mbonn sin, déanfaidh an obair atá beartaithe faisnéis éiginnteachta a chomhtháthú go díreach i dtáirgí agus feidhmiúlachtaí IDC atá bunaithe ar ATM. Freagraíonn sé sin d'iarrataí ó Stáit is Sínitheoirí ar tháirgí ATM lena gcuirtear éiginnteacht in iúl ar bhealach níos sainráite agus lena bhfeabhsaítear luach anailíseach agus ábharthacht oibríochtúil na measúnuithe radanúiclídí agus na dtáirgí faireacháin.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Úsáid níos leithne a bhaint as táirgí ATM atá feasach ar éiginnteacht chun measúnú a dhéanamh ar bhrath radanúiclídí agus ar fheidhmíocht líonra.

— Cumais fíorúcháin fheabhsaithe na Stát is Sínitheoirí, a bheidh in ann éiginnteacht ATM a ionchorprú ina measúnuithe ar bhrath radanúiclídí, rud a mhéadóidh stóinseacht agus a laghdóidh léirmhínithe claonta.

— Ullmhacht oibríochtúil fheabhsaithe IDC, agus feidhmiúlachtaí ATM atá feasach ar éiginnteacht a chomhtháthú i ngnáthshreafaí oibre agus i dtuarascálacha.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Réimsí amhairc (FORanna) atá feasach ar éiginnteacht chun tacú le sainaithint réigiúin fhoinsigh.

— Foinse na dtáirgí atógála arna bhforlíonadh le measteacháin éiginnteachta maidir le suíomh, am agus neart na n-astaíochtaí.

— Táirgí comhleá sonraí atá feasach ar éiginnteacht lena gcomhtháthaítear faisnéis radanúiclíde agus tonnchrutha.

Measúnú Téarma Fhoinsigh agus Bogearraí Réasúnaithe (STARS)

Cúlra

Tá méadú ag teacht ar leibhéil chúlra domhanda radaixeanóin mar gheall ar ghníomhaíochtaí núicléacha sibhialtacha a leathnú, rud a fhágann go bhfuil sé níos deacra idirdhealú a dhéanamh idir gnáthastaíochtaí tionsclaíocha agus sínithe atá ábhartha d'fhíorú CTBT. An tráth céanna, tá méadú ag teacht ar mhéideanna sonraí triathgháis IMS atá ag méadú na n-éileamh anailíseach ar fhoireann saineolaithe.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, forbróidh STARS uirlis fréamhshamhla chun tacú le saintréithriú tosaigh suíomhanna foinse dóchúla agus le láidreachtaí scaoilte astaíochtaí radaixeanóin a bhaineann leis an tionscal. Trí chreat anailíseach struchtúrtha trédhearcach a sholáthar, cuirfidh an uirlis feabhas ar chomhsheasmhacht i measúnuithe téarma foinse agus cuirfidh sí bonn eolais faoi mheastóireachtaí inoibritheachta amach anseo.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Cumas feabhsaithe chun foinsí radaixeanóin a bhaineann leis an tionscal a mheasúnú agus a léirmhíniú trí úsáid a bhaint as sreafaí oibre struchtúrtha samhaltaithe inbhéartaigh.

— Measúnuithe níos tapúla agus níos comhsheasmhaí.

— Acmhainneacht anailíseach fheabhsaithe trí oiliúint foirne agus trí STARS a chur i bhfeidhm.

— Inbhuanaitheacht fheabhsaithe agus aistriú eolais feabhsaithe trí mhodheolaíochtaí doiciméadaithe, trédhearcacha agus inchothabháilte.

— Creat comhair neartaithe chun meastóireacht a dhéanamh ar chuir chuige um chomhleathadh sonraí agus chun iad a chomhtháthú amach anseo.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Fréamhshamhail STARS v1.0 le haghaidh saintréithriú tosaigh téarma fhoinsigh ar astaíochtaí radaixeanóin a bhaineann leis an tionscal trí úsáid a bhaint as ATM agus modhanna tátail.

— Leabharlann cásanna tagarmhairc de chásanna stairiúla agus sintéiseacha chun tacú le measúnú ar inoibritheacht.

— Doiciméadacht theicniúil agus úsáideora a thacaíonn le cur chun feidhme, trédhearcacht agus inchothabháilteacht fhadtéarmach.

— Clár oiliúna lena gcuirtear ar a gcumas d'fhoireann shaineolach STARS a chur i bhfeidhm i sreafaí oibre anailíseacha agus i gcásanna oibríochtúla.

Cuidiú le hanailísithe le linn seichimh iarchrith – NET-VISA

Cúlra

Is iondúil go ndéanann anailísithe IDC athbhreithniú ar thart ar 100 imeacht sheismeach in aghaidh an lae, agus méadú ag teacht ar mhéideanna go 300 nó níos mó le linn mórsheichimh iarchrith. Cruthaíonn na borrthaí sin scrogaill oibríochtúla, rud a chuireann teorainn le hathbhreithniú cuimsitheach ar theagmhais agus a chuireann moill ar tháirgeadh feasachán IDC.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, tabharfar isteach leis an tionscadal bogearraí lenar féidir seichimh iarchrith a shainaithint agus a phróiseáil go tapa trí úsáid a bhaint as an algartam seanbhunaithe Próiseála Allamuigh Meaitseála Eimpíreach (EMFP). Trí bhraislí d'imeachtaí seismeacha comhchosúla a bhrath, cuirfidh an uirlis ar chumas anailísithe iarchreathanna a aithint agus a phróiseáil i dteannta a chéile seachas ina n-aonar. Cuirfidh an cumas sin feabhas ar éifeachtúlacht an tsreafa oibre le linn tréimhsí ardtoirte, tacóidh sé le scaoileadh tráthúil táirgí IDC, agus feabhsóidh sé freagrúlacht na n-oibríochtaí faireacháin.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Cáilíocht agus iontaofacht fheabhsaithe feasachán seismeach uathoibríoch, rud a chuireann bonn níos láidre ar fáil d'athbhreithniú anailísí.

— Próiseáil níos éifeachtúla agus níos tráthúla ar theagmhais sheismeacha le linn seichimh iarchrithe ardtoirte, lena dtacaítear le feasacháin laethúla IDC a scaoileadh go tráthúil (Feasachán Athbhreithnithe Imeachta).

— Comhlachas feabhsaithe d'imeachtaí seismeacha, a mbeidh tréithriú imeachtaí níos cruinne agus níos comhsheasmhaí mar thoradh air roimh athbhreithniú anailísí.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Uirlis tacaíochta anailísí atá comhtháite leis an gCóras Athbhreithnithe Anailísí (ARS), lenar féidir seichimh iarchrithe a shainaithint agus a phróiseáil go héifeachtúil.

— Comhlachas NET-VISA feabhsaithe trí bhrath EMFP a chomhtháthú, feabhas a chur ar an gceangal comharthaí agus ar cháilíocht na bhfeasachán seismeach uathoibríoch.

Oibriú na gCóras Iniompartha Triathgháis sa tSeapáin

Cúlra

Is trí phléascanna núicléacha agus trí shaoráidí núicléacha sibhialta araon a tháirgtear iseatóip xeanóin radaighníomhacha, rud a fhágann go bhfuil sé bunriachtanach go mbeadh cur amach againn ar an gcúlra radaixeanóin sibhialta más uainn CTBT a fhíorú. Is fearr an léirmhíniú a dhéanfar ar bhrath IMS agus is fearr an measúnú a dhéanfar ar fheidhmíocht an líonra má bhíonn tuiscint cheart againn ar an gcaoi a n-athraíonn tiúchain radaixeanóin le himeacht ama agus ó shuíomhanna go chéile.

Le tacaíocht ón Aontas, tá líonra curtha ar bun agus á fheidhmiú ag CTBTO, de chórais iniompartha radaixeanóin i dtrí cinn de shuíomhanna sa tSeapáin, is é sin le rá in Honorobe, in Mutsu agus in Fukuoka, a oibríonn i gcomhar leis an stáisiún IMS in Takasaki. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin atá beartaithe go leanfar den bhailiú sonraí, ag tógáil ar an tacaíocht airgeadais a bhfuil súil léi ó Rialtas na Seapáine. Beidh cistiú comhlántach ag teastáil chun gníomhaíochtaí oibríochta agus cothabhála a choinneáil ar bun sa 2 bhliain atá romhainn ionas go leanfar de bheith ag bailiú sonraí gan bhriseadh.

An tacar sonraí a eascróidh as sin, roinnfear é leis na Stáit is Sínitheoirí agus le taighdeoirí, rud a chuideoidh linn tuiscint níos fearr a fháil ar leibhéil chúlra radaixeanóin agus ar an tionchar atá acu ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin CTBT.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Eolas feabhsaithe ar inathraitheacht spásúil agus ama na dtomhas radaixeanóin, rud a fhágfaidh gur fearr an tuiscint a bheidh againn ar an méid eolais is féidir a ghnóthú ó na tomhais ag stáisiún aonair IMS.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Oibriú leanúnach na dtrí chóras faireacháin radaixeanóin sa tSeapáin, lena soláthrófar tomhais leanúnacha.

— Tacar sonraí a bheidh mar thaca leis an anailís ar an inathraitheacht spásúil agus ama i dtiúchana cúlra radaixeanóin.

Uasghrádú ar Bhonneagar Saotharlainne Allamuigh OSI

Cúlra

Déantar foráil in CTBT maidir le dul i mbun Cigireachta ar an Láthair (OSI) lena shoiléiriú cibé an de shárú ar an gConradh, nó nach ea, a tharla pléascadh núicléach. Chun tacú leis an gcumas cigireachta sin, déanann an Coimisiún Ullmhúcháin forbairt agus cothabháil ar an trealamh, ar na nósanna imeachta agus ar na coincheapa imscartha atá riachtanach le haghaidh oibríochtaí éifeachtacha cigireachta.

Is cuid lárnach den chumas sin é Saotharlann Allamuigh OSI, a dhéanann tomhas agus anailís ar an láthair ar shamplaí comhshaoil a bhailítear agus an chigireacht ar bun. Ba le linn Fhreachnamh Comhtháite Allamuigh 2014 a tugadh isteach an bonneagar saotharlainne radanúiclídí (RN) atá ann faoi láthair, bonneagar a forbraíodh in 2013, agus tá sé i mbun seirbhíse ó shin a bhuí le gníomhaíochtaí athchóirithe agus cothabhála.

Le 10 mbliana anuas, tá coincheap modúlach caighdeánaithe imscartha tugtha isteach ag an gCoimisiún Ullmhúcháin bunaithe ar fhaighneoga speisialaithe atá ullamh chun eitilte, ar faighneoga iad atá ceaptha le héifeachtúlacht iompair a fheabhsú agus atá in-imscartha go mear. Cé go ndearnadh comhpháirt an Triathgháis (NG) den Saotharlann Allamuigh OSI a aistriú chuig an gcóras nua sin cheana féin agus go ndearnadh í a thástáil le linn mórfhreachnaimh allamuigh in 2024, is ag brath ar bhonneagar leagáide i gcónaí atá comhpháirt an RN.

Leis an ngníomhaíocht sin, déanfar comhpháirt an RN den Saotharlann Allamuigh OSI a uasghrádú ach a ndéanfar trealamh saotharlainne a chomhtháthú sa chóras caighdeánaithe imscartha, rud a fheabhsóidh an iniomparthacht, an chosaint trealaimh, agus an ullmhacht oibríochtúil le haghaidh imscaradh OSI amach anseo.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Ullmhacht, inchreidteacht agus in-imscarthacht fheabhsaithe na comhpháirte OSI de chóras fíorúcháin CTBT.

— Cosaint, iompar, imscaradh agus coimisiúnú feabhsaithe trealaimh saotharlainne le linn oibríochtaí OSI.

— Ullmhacht fheabhsaithe oibríochtúil trí réitigh innealtóireachta a bheidh mar thaca le húsáid shábháilte éifeachtúil an trealaimh saotharlainne atá ann cheana.

— Coincheapa comhchuibhithe imscartha agus oibriúcháin i gcás comhpháirteanna saotharlainne na radanúiclídí agus an triathgháis, a fhágfaidh go bhféadfaidh Foirne Cigireachta leas a bhaint astu.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Dhá mhodúl uasghrádaithe Saotharlainne Allamuigh OSI do chomhpháirt na radanúiclídí (RN), comhtháite i gcóras caighdeánaithe imscartha na bhfaighneog atá ullamh chun eitilte d'fhonn tacú le hiompar sábháilte agus leis an mear-imscaradh.

— Nósanna imeachta caighdeánaithe oibríochta agus cumraíochtaí caighdeánaithe imscartha le haghaidh comhpháirteanna saotharlainne na radanúiclídí (RN) agus an triathgháis (NG).

An Dara Colún: Forbairt acmhainneachta

Leis an dara colún, neartaítear an fothú acmhainneachta, rud a chuireann ar chumas na Stát is Sínitheoirí — go háirithe tíortha i mbéal forbartha — rannchuidiú le córas fíorúcháin CTBT agus tairbhe a bhaint as.

Acmhainneacht na Lárionad Náisiúnta Sonraí a Fhorbairt

Cúlra

Tá ról lárnach ag Lárionaid Náisiúnta Sonraí (NDCanna) maidir le sonraí IMS agus táirgí IDC a ghnóthú, a phróiseáil, a anailísiú agus a léirmhíniú. Cé gur ar mhaithe le feidhmeanna fíoraithe, eolaíocha agus sibhialta is mó a úsáideann go leor Stát is Sínitheoirí na hacmhainní sin, is minic srian ar fheidhmíocht NDC de dheasca acmhainneacht theoranta theicniúil, easpa deiseanna oiliúna, bearnaí sa bhonneagar, agus tearcionadaíocht na mban i ngníomhaíochtaí fíorúcháin.

Treiseoidh an tionscadal seo le cumais NDC trí oiliúint réigiúnach agus speisialaithe, trí thacaíocht theicniúil ó shaineolaithe, trí Chórais Fothaithe Acmhainneachta (CBS) a imscaradh agus a chothabháil, agus trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe atá ceaptha le rannpháirtíocht agus saineolas na mban i bhfíorú CTBT a mhéadú. Trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumais agus trí thacú le coinneáil eolais, cuirfear feabhas, a bhuí leis an tionscadal, ar oibríochtaí NDC agus cuirfear feabhas freisin ar rannchuidithe náisiúnta leis an gcóras fíorúcháin.

Is ar na trí chomhpháirt a leanas atá an obair bunaithe:

— Oiliúint agus Ceardlanna Fothaithe Acmhainneachta

— Imscaradh agus Cothabháil CBS

— Gródchúrsa an Tionscnaimh '*She Shapes Science*'

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Bonneagar agus cumais neartaithe NDC chun sonraí a ghnóthú, a phróiseáil agus a anailísiú (SHI agus RN), le tacaíocht ó réitigh CBS arna n-imscaradh agus arna gcothabháil.

— Acmhainneacht fheabhsaithe phearsanra NDC chun anailís neamhspleách a dhéanamh ar imeachtaí, chun comhairle theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta, agus chun rannchuidiú ar bhealach níos éifeachtaí le gníomhaíochtaí fíorúcháin réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Cuirfear oiliúint ar 45 phearsanra NDC trí oiliúint/ceardlanna réigiúnacha agus speisialaithe.

— Reáchtálfar trí cheardlann/chúrsa oiliúna réigiúnacha, agus dhá chúrsa oiliúna SeisComp.

— Déanfar suas le 12 CBS a imscaradh, a uasghrádú nó a chothabháil chun tacú le sonraí SHI agus RN a ghnóthú, a phróiseáil agus a anailísiú.

— Cuirfear tacaíocht theicniúil agus cúnamh leantach ar fáil chun treisiú le feidhmíocht oibríochtúil NDC, lena n-áirítear gníomhaíochtaí cóitseála, fabhtcheartaithe, cothabhála agus coinneála eolais.

— Cuirfear oiliúint agus meantóireacht ar ochtar ban atá ag obair in NDCanna trí Ghródchúrsa an Tionscnaimh *She Shapes Science*, rud a fheabhsóidh a rannpháirtíocht agus a saineolas teicniúil i ngníomhaíochtaí fíorúcháin CTBT.

Cúrsa Tosaigh Réigiúnach OSI (RIC) — 2027 (Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib)

Cúlra

Déantar foráil in CTBT maidir le dul i mbun Cigireachta ar an Láthair (OSI) lena shoiléiriú cibé an de shárú ar an gConradh, nó nach ea, a tharla pléascadh núicléach. Go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, coinneoidh an Rúnaíocht Theicniúil Shealadach (PTS) ullmhacht oibríochtúil OSI ar bun trí chlár struchtúrtha oiliúna agus fothaithe acmhainneachta.

Cuireann RICanna OSI eolas bunúsach ar fáil faoi mhodheolaíochtaí an Chonartha agus faoi mhodheolaíochtaí OSI agus is siad an príomhphointe iontrála chuig Clár Oiliúna Líneach OSI do chigirí ionadacha. Ón méid atá feicthe go dtí seo, is léir go méadaíonn líon na n-ainmniúchán agus go méadaíonn an rannpháirtíocht nuair a óstáiltear RIC i réigiún, agus is léir go gcuireann sé leis an éagsúlacht gheografach, leis an gcomhionannas inscne agus leis an ionadaíocht a dhéantar ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht faoi chuimsiú an phíblíne oiliúna OSI.

I ngeall ar an rath a bhí ar RIC-26 san Afraic in 2024, agus i gcomhréir le samhail na huainíochta réigiúnaí, tá sé beartaithe go reáchtálfar RIC-27 i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib. Treiseofar le hinbhuanaitheacht, le cuimsitheacht agus le héifeachtacht chóras oiliúna OSI a bhuí leis an ngníomhaíocht sin, agus beidh sé mar thaca freisin le hullmhacht fhadtéarmach chóras fíorúcháin an CTBT.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Ullmhacht oibríochtúil OSI threisithe trí rannpháirtíocht mhéadaithe saineolaithe ó réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i bpíblíne oiliúna OSI.

— Eolas níos fearr ar riachtanais CTBT agus OSI i measc saineolaithe teicniúla ó réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

— Acmhainneacht níos fearr sna Stát is Sínitheoirí iarrthóirí cáilithe a ainmniú ar Chlár Oiliúna Líneach OSI, a thacóidh le hinbhuanaitheacht uainchlár na gcigirí ionadacha.

— Líon níos fairsinge iarrthóirí cáilithe ar cigirí ionadacha iad, agus feabhas freisin ar an éagsúlacht gheografach, ar an gcomhionannas inscne agus ar an ionadaíocht a dhéantar ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht faoi chuimsiú an phíblíne oiliúna OSI.

— Treisiú ar an rannpháirtíocht réigiúnach i ngníomhaíochtaí oiliúna CTBTO agus i gcóras fíorúcháin an CTBT.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— RIC curtha i gcrích i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib.

— Forbairt déanta ar mhodúil ríomhfhoghlama ullmhúcháin agus iad ar fáil do na rannpháirtithe uile a roghnófar.

— Treoir don seomra ranga agus seisiúin phraiticiúla teicníce OSI reáchtáilte.

— Cleachtadh allamuigh Capstone curtha chun feidhme.

— Oiliúint curtha ar bhreis agus 30 saineolaí teicniúil ó Stáit is Sínitheoirí trí chur chuige foghlama cumaisc.

— Tuairisc ar mholtaí agus ar an méid a foghlaimíodh trí bhíthin tuarascáil mheastóireachta iarchúrsa.

Clár Tacaíochta na Saineolaithe Teicniúla

Cúlra

Tá srianta airgeadais ar go leor de na Stáit sin is Sínitheoirí atá i mbéal forbartha, srianta a chuireann bac ar rannpháirtíocht a gcuid saineolaithe i gcruinnithe eolaíocha agus teicniúla CTBTO. Fágann sin gur lú an bhaint a bhíonn acu le pléití agus le moltaí maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an gcóras fíorúcháin, in ainneoin go mbíonn ról nach beag acu maidir le stáisiúin IMS a óstáil agus NDCanna a chur ar bun.

Bunaíodh Clár Tacaíochta na Saineolaithe Teicniúla in 2006 agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht saineolaithe cáilithe ó thíortha i mbéal forbartha i gcruinnithe teicniúla oifigiúla CTBTO. Trína rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí fíorúcháin a éascú, treisíonn an clár le hacmhainneachtaí teicniúla náisiúnta, cuireann sé an malartú eolais chun cinn, agus feabhsaíonn sé cuimsitheacht agus éagsúlacht obair theicniúil an Choimisiúin Ullmhúcháin. Is critéir ríthábhachtacha roghnúcháin i gcónaí iad an chothromaíocht inscne agus an ionadaíocht gheografach.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Rannpháirtíocht mhéadaithe saineolaithe ó na Stáit sin is Sínitheoirí atá i mbéal forbartha i gcomhlachtaí ceaptha beartas an Choimisiúin Ullmhúcháin.

— Acmhainneacht theicniúil fheabhsaithe sna Stáit sin is Sínitheoirí atá i mbéal forbartha.

— Cuimsitheacht fheabhsaithe, éagsúlacht fheabhsaithe agus ionadaíocht gheografach fheabhsaithe in obair theicniúil an Choimisiúin.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Cuirfear tacaíocht ar fáil do 52 shaineolaí theicniúla ó na Stáit sin is Sínitheoirí atá i mbéal forbartha chun freastal ar chruinnithe Mheitheal B.

— Éascófar rannpháirtíocht saineolaithe a bheidh cothrom ó thaobh inscne de agus éagsúil ó thaobh ionadaíocht gheografach de.

Ceannairí Óga CTBT

Cúlra

An tionscnamh Ceannairí Óga CTBT, cuireann sé leis an rath a bhí ar Ghrúpa CTBTO na nÓg, a raibh beagnach 2 000 ógánach ó 137 dtír rannpháirteach ann ó 2016 i leith, trí fhothú acmhainneachta, taighde agus gníomhaíochtaí for-rochtana i ndáil leis an neamhleathadh agus leis an dí-armáil núicléach.

Chun comóradh 30 bliain an CTBT agus comóradh 10 mbliana Ghrúpa CTBTO na nÓg a cheiliúradh, déanfar ardán domhanda níos struchtúrtha agus níos inbhuanaithe um an óige den líonra atá ann cheana, a bhuí leis an tionscnamh. Ag tógáil ar an méid a foghlaimíodh agus ar chomhairliúcháin na gcomhaltaí, treiseoidh Ceannairí Óga CTBT le rannpháirtíocht, le ceannaireacht agus le habhcóideacht na n-ógánach tacú le CTBT, agus áiritheofar ag an am céanna, ionadaíocht chothrom réigiúnach agus rannpháirtíocht forleathan ó na Stáit is Sínitheoirí.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Acmhainneacht fheabhsaithe sna ceannairí óga cuspóirí CTBT a chur chun cinn agus tionscnaimh faoi stiúir na hóige a stiúradh ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

— Rannpháirtíocht threisithe éagsúlaithe na hóige chun tacú le huiliú agus teacht i bhfeidhm CTBT.

— Rannpháirtíocht mhéadaithe cheannairí óga i bhfóraim eolaíocha, taidhleoireachta agus beartais lena dtugtar aghaidh ar an CTBT, ar an neamhleathadh agus ar an dí-armáil núicléach.

— For-rochtain agus infheictheacht mhéadaithe dhomhanda na dteachtaireachtaí a bhaineann le CTBT trí rannpháirtíocht faoi stiúir na hóige agus trí ardáin dhigiteacha.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Coiste Stiúrtha faoi stiúir na hóige i mbun oibríochta chun líonra na gCeannairí Óga CTBT a threorú.

— Clár fothaithe acmhainneachta ar fáil chun eolas, ceannaireacht, abhcóideacht agus scileanna cumarsáide na gcomhaltaí a neartú.

— Tacaíocht ar fáil le go mbeadh Ceannairí Óga CTBT rannpháirteach i bpríomhfhóraim eolaíocha agus taidhleoireachta lena dtugtar aghaidh ar an CTBT, ar an neamhleathadh agus ar an dí-armáil núicléach.

— Tionscnaimh for-rochtana agus rannpháirtíochta curtha chun feidhme faoi stiúir na hóige, lena n-áirítear feachtais shuaitheanta CTBTO (e.g. an Feachtas Domhanda Ealaíne, '*Be the Voice of SnT2025*') agus gníomhaíochtaí nua atá dírithe ar an óige.

— Líonra Alumni Cheannairí Óga CTBT ar bun chun an rannpháirtíocht a chothú agus chun eolas institiúideach a chaomhnú.

— Forbairt déanta ar tháirgí cumarsáide agus for-rochtana chun cur leis an infheictheacht agus le raon gníomhaíochtaí na gCeannairí Óga CTBT.

— Treisiú ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí acadúla, meithleacha machnaimh, agus líonraí óige.

Rochtain Chomhionann ar Dheiseanna a Chothú

Cúlra

In 2022, le tacaíocht ón Aontas, sheol CTBTO clár meantóireachta do mhná luathghairme in ETIM chun comóradh 25 bliana an CTBT a cheiliúradh. Ó shin i leith, cuireadh ceithre thimthriall den chlár i gcrích agus tá an cúigiú timthriall á chur chun feidhme faoi láthair, mar a bhfuiltear ag tacú le 141 mheantaí ó gach ceann de na sé réigiún gheografacha den CTBTO, agus meantaithe ó thíortha i mbéal forbartha ar an gcuid is mó díobh sin.

Leis an gclár, cuirtear mná luathghairme i dteagmháil le saineolaithe teicniúla a bhfuil taithí na mblianta acu, rud a chuidíonn leo líonraí gairmiúla a leathnú, scileanna a neartú, agus feasacht níos fearr a fháil ar dheiseanna gairme in ETIM, i neamhleathadh agus dí-armáil núicléach, agus i réimsí a bhaineann leis an CTBT. Déantar an mheantóireacht a chomhlánú le seimineáir théamacha, ceardlanna, agus gníomhaíochtaí forbartha scileanna, rud a chuireann le píblíne mhéadaitheach gairmithe cáilithe ar mná iad.

Cé go dtacaíonn na hiarrachtaí sin le cuspóirí for-rochtana agus earcaíochta, ní mór gníomhú go leanúnach chun mná cáilithe a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil sa Rúnaíocht Theicniúil Shealadach más uainn an chothromaíocht inscne a bhaint amach. Leis an tionscadal, déanfar, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí meantóireachta leanúnacha a chomhcheangal le bearta spriocdhírithe chun an creat institiúideach maidir le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cuimsiú san ionad oibre a neartú.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Píblíne leathnaithe de mhná cáilithe luathghairme le haghaidh gairmeacha in ETIM, sa neamhleathadh agus sa dí-armáil núicléach, agus linn tallainne leathnaithe de shaineolaithe teicniúla ar mná iad.

— Feasacht mhéadaithe ar chóras fíorúcháin CTBT agus ar dheiseanna gairmiúla gaolmhara.

— Creat institiúideach neartaithe lena gcuirtear Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan chun cinn.

Na haschuir a bhfuiltear ag dréim leo

— Tacófar le 40 bean luathghairme ar a laghad tríd an gClár Meantóireachta ó 2027 go 2029.

— Rachfar i mbun gníomhaíochtaí GEWE faoi chuimsiú phróiseas idir-eagraíochta na Náisiún Aontaithe gach bliain agus tabharfar tuairisc ina leith.

Cur Chun Feidhme Gníomhaíochtaí, Faireachán agus Tuairisciú

Cúlra

Bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ó Chinneadh (CBES) 2023/2064 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2023 agus i bhfianaise raon feidhme agus chastacht na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, beidh gá le tacaíocht thiomnaithe um bainistiú clár chun comhordú éifeachtach, cur chun feidhme tráthúil, agus faireachán agus tuairisciú leanúnach ar thionscadail a áirithiú. Bheadh ball tiomnaithe nach ball foirne é ina lárphointe le haghaidh gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas, rud a thacódh le comhordú ar fud na Rannóige uile agus a fhéachfadh chuige go ndéanfaí tuairisciú tráthúil cruinn don Aontas.

Na torthaí a bhfuiltear ag dréim leo

— Comhordú agus maoirseacht fheabhsaithe ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas.

— Faireachán, tuairisciú agus cumarsáid fheabhsaithe leis an Aontas.